# Tanja Fajon: 'Má thagann deireadh le Schengen, beidh deireadh leis an tionscadal Eorpach'



Tania Fajon, feisire Slóivéanach de chuid na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe

**Agus rialú athbhunaithe ag roinnt ballstát ag a dteorainneacha inmheánacha ó 2015, tá sé curtha in iúl ag feisirí nár cheart sin a dhéanamh ach amháin mar bheart atá ina rogha dheiridh.**

*Ó 2015, tá rialuithe sealadacha tugtha isteach ag a dteorainneacha inmheánacha AE ag na tíortha seo a leanas: an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iorua, an Ostair agus an tSualainn. Faoi Chód Teorainneacha Schengen, tá cead ag tíortha rialuithe a thabhairt isteach ar bhonn sealadach ach is é an uastréimhse ná dhá bhliain. I vóta iomlánach* an 4 Aibreán *2019, chuir feisirí Eorpacha in iúl nár cheart rialuithe inmheánacha a thabhairt isteach ach mar rogha dheiridh agus i gcúinsí eisceachtúla. Chuir siad in iúl freisin gur cheart an tréimhse*

*tosaigh atá ceadaithe i dtaca le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú a ísliú go dhá mhí (sé mhí atá ceadaithe faoi láthair). Chuirfeadh feisirí teorainn bliana leis an tréimhse atá ceadaithe i dtaca le fadú a chur le rialú teorann ar bhonn sealadach (an uastréimhse reatha ná dhá bhliain).*

*San idirbheartaíocht idir an Chomhairle agus an Pharlaimint maidir leis an nuashonrú ar rialacha limistéar Schengen, níor éirigh leis an dá institiúid teacht ar chomhréiteach. Mar sin, tar éis thoghcháin na Bealtaine, bhí gá le seasamh na Parlaiminte a dhearbhú an athuair. I vóta sa choiste um shaoirsí sibhialta an 24 Meán Fómhair 2019, chuir feisirí in iúl gur cheart don Chomhairle agus don Pharlaimint tús a chur arís le comhchainteanna.*

*Labhair údar na tuarascála, an feisire Slóivéanach Tanja Fajon, linn faoi na moltaí. Foilsíodh an t-alt seo don chéad uair i Samhain 2018.*

# Tá seiceálacha teorann inmheánacha laistigh den limistéar Schengen tugtha isteach i roinnt tíortha ó 2015. Conas a tharla sé seo?

Tá rialú ag teorainneacha inmheánacha á dhéanamh i sé thír de chuid limistéar Schengen ar feadh níos mó ná trí bliana anois. Mar go bhfuil éiginnteacht ann sa reachtaíocht reatha, déarfainn, tá feidhm á baint acu as forais dhlíthiúla éagsúla chun síneadh a chur leo.

# Is léir go mbaineann débhrí leis na rialacha reatha. Cén athruithe ar Chód Teorainneacha Schengen atá ag teastáil, agus cén fáth?

Cuirtear in iúl sa tuarascáil go bhfuil gá le coinníollacha thar a bheith soiléir faoinar féidir le tíortha rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a thabhairt isteach ar bhonn sealadach. Is gá go mbeadh cosaintí níos déine ann chun a chinntiú nach dtugtar isteach iad ach mar rogha dheiridh.



Limistéar Schengen

## Cathain a mbeadh údar maith le rialú ag na teorainneacha inmheánacha?

I gcúinsí eisceachtúla amhail mórimeachtaí spóirt nó sruthanna imirce móra faoi mar a tharla roinnt blianta ó shin. Faoi láthair, d’ainneoin a ndeir rialtais AE áirithe, ní ann do bhagairtí tromchúiseacha a thabharfadh údar le rialú ag na teorainneacha inmheánacha.

## Maidir leis na tíortha Schengen a bhfuil rialuithe inmheánacha tugtha isteach acu, tá sé ráite acu go gcuirfidh siad síneadh leo. An bhfuil údar leis sin?

Níl aon údar leis an síneadh seo. Le tamall de bhlianta, tá rialtais na mballstát tar éis brú a chur ar na rialacha reatha, agus síneadh a chur leis na rialuithe chun críocha polaitiúla.

## Céard iad na hábhair easaontais is mó leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún?

Maidir leis an gCoimisiún, an t-ábhar easaontais is mó ná go bhfuil muidne ag iarraidh go mbainfeadh uastréimhse de bhliain amháin le rialuithe inmheánacha, i gcás ina bhfuil bagairt intuartha ann agus le cosaintí thar a bheith dian. Táimid ag súil leis go dtarraingeoidh sé sin conspóid i measc bhallstáit an Aontais.

Tá teachtaireacht an-shoiléir againn: ceadóimid athbhunú rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha sa chás go bhfuil fíorghá leo. Do mhuintir na hEorpa, is ionann limistéar

Schengen agus an gaisce is follasaí a bhaineann leis an gcomhtháthú Eorpach, le saoirse gluaiseachta. Má thagann deireadh le Schengen, beidh deireadh leis an dtionscadal Eorpach. Déanann an staid reatha dochar dár ngeilleagair agus cuireann sé isteach orainn go léir.

**Tuilleadh faisnéise**

Comhad nós imeachta
Suíomh an Choimisiúin Eorpaigh



**Ardstiúrthóireacht na Cumarsáide**
Parlaimint na hEorpa - Urlabhraí: Jaume Duch Guillot
Teagmháil: webmaster@europarl.eu